Araby[1]

Ó THARLA GO RABH SÍ DALL,[2] ba shráid chiúin í Sráid Richmond Thuaidh, acht amháin an uair a scaoiltí saor na buachaillí ó Scoil na mBráithre Críostaí. Baí teach díomhaoin ina sheasamh arsan taobh dhall di, é dhá stór ar airde agus scoite amach óna chomharsanaibh ar chearnóig thalún. Na tithe eile arsan tsráid, in ómós de shaol mhodhúil na dteaghlach istigh iontu, breathnaíodar ara chéile la gnúiseanna dochorraithe a rabh dath donn orthu.

An t-iarthionónta d'ár dtighse, ar shagart é, fuair sé bás issa tseomra shuite ar chúl an tí. Fan an t-aer, a rabh fuarbholadh uaidh mar nár ligeadh saor é, fan sé ina luí i ngach aon seomra, agus seomra an bhruscar tí laistiar den chistin, baí sé breac la seanpháipéir gan mhaith. Ina measc siúd, aimsíos roinnt leabhar la clúdaigh páipéir a rabhadar na leathanaigh iontu craptha agus tais: *The Abbot*, la Walter Scott, *The Devout Communicant* agus *The Memoirs of Vidocq.*[3] Is é an ceann deiridh is mó a thaitin liom mar baí dath buí arsna bileogaibh. Bhí crann úill ina lár agus bádar cúpla tom fánach issa ghairdín chúil fhiáin. Tángas ar theannaire rothair mheirgigh an iar-thionónta fo bhun cinn dena tomaibh. Sagart an-charthanach ab é; d'fhág sé a chuid airgid go léir ag institiúidibh agus do thiomnaigh troscán an tí dá dheirfiúr ina uacht.

La laethanta gearra an gheimhridh, thagadh crónú na hoíche sula mbíodh ár ndinnéar caite againn. Bhíodh dath dorcha arsna tithibh fon am a chasaimis lana chéile arsan tsráid. Bhíodh dath corcairghorm síor-athraitheach arsan phaiste spéir osár gcionn agus d'ardaídís na lampaí sráide a lóchrainn fanna ina threo. Dhódh an t-aer nimhneach sinn agus leanaimis orainn ag súgradh go mbíodh griofadach teasa orainn. Ba tholl thorannach ár mbéiceacha issa tsráid chiúin. Thugadh séirse ár súgartha tresna lánaí dorcha draoibeacha sinn, áit a théimis i mbearna mbaoil dtreibheanna ngarbha na dtithe mbeaga, thar dorais cúil na ngarraithe ndorcha mbraonacha ina d’éirídís bolaithe ónaibh pollaibh luaithe, go stáblaí dorcha cumhra ina shlíocadh agus ina chíoradh cóisteoir an gcapaill nó ina chroitheadh sé ceol ón úim bhúclach. Fon am a fhillimis arsan sráid, bhídís na fochlóis líonta la solas fhuinneoga na gcistineacha. Dá bhfeictí m'uncail ag casadh an choirnéil, théimis i bhfolach fo scáth an dorchadais go bhfeicfimis dulta istigh slán abhaile é. Nó dá dtagadh deirfiúr *Mangan*[4] amach ar leac an dorais do ghlaoch ara dheartháir nuair a bhíodh a shuipéar réidh, bhreathnóimis uirthi ónár bhfolach scátha, agus í ag gliúcaíocht suas síos na sráide. D'fhairimis uirthi dho fheiceáil an ndéanfadh sí fuireach ann nó an rachadh isteach, agus, dá bhfanadh sí ann, thréigimis ár scáth agus shiúlaimis suas staighre Mangan go fulangach. Bhíodh sí ag feitheamh linn, déanamh a coirp á nochtadh agan tsolas ón doras leathoscailte. Shaighdeadh a deartháir fúithi i gcónaí sula ngéilleadh sé agus sheasainn-se taobh lasna ráillí ag amharc uirthi. Luascadh a gúna de réir mar a chorródh sí a corp agus bhocáladh rópa mín a cuid gruaige ó thaobh go taobh.

Luínn arsan n-urlár issa pharlúis tosaigh dho bhreathnú ara doras gach maidin. Bhíodh an dallóg tarraingthe anuas go horlach den tsais issa dóigh is nach bhfeictí mé. Bhíogadh mo chroí orm nuair a thagadh sí issa ndoras. Rithinn issa halla, sciobainn mo chuid leabhar agus leanainn í. Ghreamaínn mo shúile issa gcruth ndonn romham, agus, nuair a dhruidimis i ngiorracht den áit ar scaradar ár mbealaí, ghéaraínn armo chois go scoithinn í. Tarla sé seo maidin i ndiaidh maidine. Níor labhras riamh léi, cé is moite de chorrfhocal fhánach, acht fós féin ba ionann lua a hainm agus gairm ghríosaithe ar mhéid uile m’fhola baoithe.

D’fhanadh a híomhá liom go fiú isna háiteannaibh ba dhoicheallaí roimh rómánsaíocht. Issa luathoíche arsan tSatharn nuair a théadh m’aint amach dho cheannach, b’éigean domsa iompar coda dena beartaisibh. Shiúlaimis tresna sráideanna plódaithe, d’ár dtuairteáil ag fearaibh óltaibh agus ag mnáibh i mbun margála, i measc eascainí na n-oibrithe, liodán callánach na ngiolla siopa a bhídís

ina seasamh ar faire in aice bairillí na leiceann muice, chantaireacht shrónach na bhfonnadóirí sráide, a ghabhadh fonn *come-all-you* fo Ó Donnabháin Rosa,[5] nó bailéad fonaibh trioblóidibh inár dtír dúchais. Ba aon mhothúchán amháin den tsaol féin liom na torainn seo go léir: shamhlaínn gur iompraíos mo chailís go slán sábháilte tre shlua naimhde.[6] Bhrúchtadh a hainm ar bharr mo theanga ar uairibh i bhfoirm paidreacha diamhra nó moltaí nár thuigeas féin. Ba mhinic a bhíodh an deoir arsan tsúil agam (níor thuigeas cén fáth) agus scaití baí sé mar a bheth tuile ag doirteadh amach asmo chroí agus isteach imo chliabh. Is beag a smaoiníos fon tsaol a bhaí romham. Níorbh fhios dom an labhróinn riamh léi, nó dá labhraínn, cén chaoi d'inseoinn léi fon ghrá aimhréidh a bhaí agam di. Acht ba ionann la cruit é mo chorp agus ba ionann la méara ag rith arsna téadaibh iad cora agus focail aisti.

Tús oíche amháin, chuas isteach issa seomra suí ina bhfuair an sagart bás. Ba oíche fhliuch dhorcha í agus ní rabh fuaim la cloisteáil sa tigh. Tre cheann dena pánaibh bristibh fuinneoige, chualas an mbáisteach ag teagmháil lasan dtalamh: na snáthaidí caola síoraí ag súgradh sna ceapachaibh báitibh. Bhí solas ag tuidheacht as lóchrann nó fuinneog éigin i bhfad uaim. Baíos buíoch de nár léir dom mórán issa dorchadas. Samhlaíodh dhom go rabhadar mo cheadfaí uile ag iarraidh dula faoi scáth. Agus faitíos orm go rabhas ag sleamhnú ómo cheadfaí, fáisceas bos mo dhá lámh la chéile gur gabadar crith, ag rá *'A ghrá mo chroí!' A ghrá mo chroí!'* neart babhtaí.

Labhair sí liom issa deireadh thiar thall. An chéad-uair a chuir sí araoid orm, bhuail an oiread mearbhaill mé is nach rabh a fhios agam cén freagra ar cheart dom tabhairt uirthi. Fiafraigh sí dhíom an mbeinn ag dul go *Araby*. Deineas dearmad ar cé dhíobh an freagra dearfach nó diúltach a thugas di. *Bazaar* iontach a bheadh ann, a deir sí. Ba aoibhinn léi dul ann, a deir sí.

'Agus cén fáth nach dtig leat?' a fhiafraíos.

Fad a labhair sí, cas sí bráisléad airgid timpeall a rosta arís agus arís eile. Ní fhéadfadh sí dul ann, a deir sí, mar go mbeadh cúrsa spioradálta ar siúil ina clochar an tseachtain sin.[7] Bhí a deartháir agus beirt bhuachaillí eile ag troid fona gcaipínibh agus baíos-sa liom féin agan ráille. Baí greim láimhe aici ar chionn dena spícibh. An solas ón lampa os comhair ár doras, lonnaigh ar chuas bhán a muiníl agus soilsigh sé a cuid gruaige a bhaí ina luí anuas air. Tit an solas anuas as sin agus geal an lámh arsan ráille. Tit ar thaobh amháin dá gúna agus lonnaigh ar imeall bán a *petticoat*, a bhaí la feiceáil ar éigean agus í in a seasamh go socair.

'Is méanar duit é,' a deir sí.

'Má théim ann,' a deirim, 'beirfead rud éigean duitse.'

A liacht smaointí baoise a ghabhadar seilbh ar m'intinn de ló is d'oíche i ndiaidh an thráthnóna sin! Ba mhaith liom díothú na laethanta ren *Araby.* I mo sheomra istoíche agus issa rang scoile issa ló, thagadh a samhail idir mé agus na leathanaigh a bhaíos ag iarraidh léimh. Mhothaínn siollaí an fhocal *Araby* domo ghlaoch tresan marbhchiúnas inar mhair m'anam agus domo chur fo gheasa agan oirthear. Iarras cead dul gossan mbasár oíche Dé Sathairn. Baí ionadh ar m'aint agus baí súil aici nach gníomhaíocht éigean *Freemason* a bhaí i gceist.[8] Is beag ceisteanna a fhreagraíos issa rang scoile. Chonaiceas dreach gheanúil mo mháistir ag éirí déine; baí súil aige nach rabhas ag tosú dho dhéanamh leisce. Níor thig liom cruinniú la chéile mo smaointe fánacha. Is beag foighne a bhaí agam la hobair stuama an tsaoil. Anois ó bhaí sí issa bhealach armo mhian, ba shúgradh gasúir liom í an obair seo, súgradh suarach fadálach gasúir.

Maidin Dé Sathairn, chuireas i gcuimhne dom uncail gur thoil liom dul gossan mbasár an oíche sin. Baí sé ag fuirseadh timpeall an chrochadáin ar thóir an scuab hata, agus tug freagra borb orm:

'Sea, a ghasúir, tá a fhios agam.'

Ó baí seisean issa halla, ní fheadfainn dul issa halla dho luí agan fhuinneog. Imíos liom fo stuaic ón tigh agus siúlas go mall i dtreo na scoile. Ba fhuar fheanntach an lá agus baí an tubaiste á tuar dom cheana féin.

Nuair a thángas abhaile am dinnéir ní rabh m'uncail tagtha abhaile go fóill. Baí sé luath issa ló i gcónaí. Fanas imo shuí agan bhord ag stánadh arsan chlog agus, nuair a éiríos bodhar ag torann na dticeanna as, fágas an seomra. Tugas an staighre orm féin agus baineas an dtaobh n-uachtarach den tigh amach. Blaiseas saoirse isna seomraibh ardaibh fuaraibh dorchaibh agus chuas ó sheomra go seomra ag gabháil fhoinn. As fuinneoig taobh na sráide, chonaiceas mo chomrádaithe ag spraoi arsan tsráid. Táinig a nglaonna a fhad liom agus iad maolaithe agus dothuigthe. Leagas mo cheann arsan ngloine bhfionnuar agus amharcas anall arsan tigh dorcha ina rabh sí ina cónaí. B'fhéidir gur fanas i mo sheasamh ansin ar feadh uair an chloig, gan feiceáil ruda ar bith acht an gcruth i n-éadachaibh ndonnaibh a bhaí á shamhlú dhom, solas sráide ag lonrú go discréideach ara muineál dea-chumtha, ara láimh arsan ráille agus arsan chiumhais fo bhun a gúna.

Nuair a thángas anuas staighre arís baí Mrs Mercer ina suí romham cois teallaigh. Ba sheanbhean chabach í a bhaí ina baintreabhach la geallbhróicéir agus a bhailigh stampaí ar chúis chráifeach éigean. B'éigean dom caoinfhulaingt bhéadán an bhord tae. Mair an béile os cionn uair an chloig agus fós níor tháinig m'uncail. Seas Mrs Mercer suas chun imeachta: baí aiféala uirthi nach bhféadadh fanacht níos faide, acht baí sé thar a hocht a chlog agus níor mhaith léi beith amuigh go déanach, agus baí aer na hoíche go dona dá sláinte. Nuair a bhaí sí imithe, tosaíos ag siúl suas síos an tseomra, ag déanamh dorn demo lámhaibh. Inis m'aint:

> 'Is olc liom rá go bhfuil sé chomh maith agat do bhasár do chur ar athló, oíche seo ár dTiarna.'

Aga naoi a chlog chualas eochair m'uncail issa dorus. Chualas é ag caint leis féin agus chualas an gcrochadán ag luascadh tar éis ualach a chóta móir. Tuigeas na comharthaí seo. Nuair a bhaí sé leathbhealach trena dhinnéar, iarras an n-airgead la dul gossan mbasár air. Baí dearmad déanta aige air.

'Táid na daoine ina gcodladh issa leaba fon am seo,' a deir sé.

Ní dhearnas aoibh gáire. Inis m'aint go bíogach leis:

> 'Nach dtabharfair an n-airgead dó dho ligean dó imeacht? Tá dóthain moille bainte as agat mar atá.'

Dúirt m'uncail go rabh an-aiféala air go ndearna sé dearmad air. Dúirt gur chreid issa tseanfhocal: 'is mairg nach saothraíonn an ngáire.' Fiafraigh dhíom cá rabh mo thriall agus, nuair d'insíos dó den dara huair, fiafraigh dhíom an rabh aithne agam ar *The Arab's Farewell to his Steed*[9] Nuair d'imíos ón tseomra, baí sé ar tí aithris na gcéad-línte den dán lamo aint.

Baí greim docht agam arsan bhonn dhá scilling i mo láimh agus mé ag siúl go mear síos Sráid Buckingham i dtreo an stáisiúin. An radharc ar shráideannaibh dhubhaibh la ceannaitheoirí agus fo spalpadh lampaí gáis, meabhraigh sé cúis mo thurais dom. Suíos i gcarráiste den tríú grád de thraein fholamh. Ba uafásach an fuireach ann sular siúl an traein go mall réidh assan stáisiún. Chuaigh sí chun cinn ar éigean thar sheantithe bhriste bhearnacha agus tharsan n-abhainn ara rabhadar na soilse sráide ag damhsa. Ag Stáisiún Rae an Iarthair,[10] brúadar slua daoine la doirse an charráiste; treoraigh giollaí an stáisiúin siar ar ais iad áfach, ag rá gur charráiste speisialta gossan mbasár í.

Baíos fós i m’aonar issa charráiste lom agus an traein ag fágáil an stáisiúin. Tar éis cúpla nóiméad, tarraing an traein la hais ardán shealadach adhmaid. Chuas amach arsan mbóthair agus chonaiceas an n-am ar éadan shoilsithe cloig – baí sé deich nóiméad chun a deich. Osmo chomhair amach baí foirgneamh mór a rabh an t-ainm draíochtúil scríofa air.

Níor fhacas bealach isteach sé pingine ar bith agus, la teann faitís go mbeth an basár dúnta, chuas tre gheata chasta gur tugas scilling d’fhior a rabh cuma thuirseach air. Baí halla mór istigh ann a rabh leath a airde bainte dhe ag áiléar. Baí beagnach gach aon seastán dúnta agus baí an chuid is mó den halla issa dorchadas. D’aithníos an dtost i dteampall iar n-aifreann arsan dtost ann. Siúlas go cúthail isteach go lár an bhasáir. Baí corrdhuine druidte isteach arsna seastáinibh a bhádar fós ar oscailt. Os comhair cuirtín a rabhadar na focail *Café Chantant* scríofa la lampaí ildaite osa chionn, bádar beirt fhear ag comhaireamh airgid ar dheasc. Éisteas la torann na mbonn agus iad ag titim ar an ndeasc.

Cuimhníos fo dheireadh cad chuige a thángas agus chuas soir go ceann dena seastánaibh gur scrúdaíos vásaí poircealláin agus foireann tae la pátrún bláthanna. I ndoras an tseastáin, baí *lady* óg ag caint agus ag déanamh gáire i bhfochair bheirt *gentlemen* óga. Tugas ceann dá dtuin Shacsanach agus éisteas go scaipthe lana gcomhrá.

> ‘*O, I never said such a thing!*’
> ‘*O, but you did!*’
> ‘*O, but I didn’t!*’
> ‘*Didn’t she say that?*’
> ‘*Yes, I heard her.*’
> ‘*O, there’s a ... fib!*’

Tug an bhean óg uasal fo deara mé agus iarr orm ar mhaith liom ceannach aon cheo. Níor spreagúil a glór agus ba chosúil gur labhair sí liom de ghrá an dualgais. Amharcas go humhal arsna prócaibh ollmhóraibh a bhádar ina seasamh arsan dá thaobh de bhealach isteach dhorcha an tseastáin, mar a bheidís gardaí oirthearacha iontu, agus inis ós íseal:

> ‘Níor mhaith, go rabh maith agat.’

Athchórraigh an *lady* ceann dena searrógaibh gur fill arsan mbeirt bhfear n-óg. Tosaíodar ag caint fon ábhar chéanna. Caith an *lady* óg súil thara gualainn orm uair nó dhó.

Deinneas moill ansin os comhair a seastáin cé gur léir dom nach rabh maith dom ann, mar dhea go rabh suim dáiríre agam ina hearraibh. Ansin casas go mall i leataobh agus tosaíos ag siúl sios lár an bhasáir. Ligeas don dá phingin bualadh i gcoinne an réil i mo phóca. Chualas glór as taobh amháin den áiléar ag fógairt go rabh an solas múchta. Baí an taobh uachtarach den halla i ndorchadas anois.

Agus mé ag stánadh arsan ndorchadas osmo chionn, samhlíos mé féin la rud a bheth ite ag móiréis agus ina cheap magaidh agan mhóiréis chéanna; agus bádar mo shúile ag dó la crá agus la fearg.

1 ***Araby:*** aonach ollmhór carthanachta agus taispeántas an oirthir a reachtáladh in Aibreán 1894

2 **Ó tharla go rabh sí dall:** tá sí dall sa bhrí gur aibhinne í gan acht aon tuidheacht amháin uirthi.

3 ***The Abbot... Memoirs of Vidocq:*** *The Abbot:* úrscéal stairiúil; *The Devout Communicant:* leabhar comhairle la Pacificus Baker ar conas caitheamh saoil cráifigh; *The Memoirs of Vidocq:* beatháisnéis ar choirpeach ó Pháras dar ndearnadh bleachtaire dhe.

4 ***Mangan*:** Galldú den tsloinne Ghaelach 'Ó Mongáin': 'mong' + iarmhír 'án' issa tuiseal ghinideach = mongach/ la gruaig fhada

5 ***come-all-you:*** fo Ó Donnabháin Rosa. Ba mhinic a thosaíodar amhráin na ndaoine lasan ngairm "*come-all-you/ye...";* Ba phoblachtánach míleatach agus laoch tíre é Jeremiah O'Donnovan Rossa. Poblachtánach eile, Pádraig Mac Piarais, rinne sé óráid cháiliúil ina onóir aga shocraid a bhaí ina gairm troda.

6 **iompraíos mo chailís... naimhde:** fo mar do iompródh sagart nó curadh croise samhaltán creidimh

7 **cúrsa spioradálta:** sraith cleachtaí machnaimh deabhóidigh ina scoil aicise. Is scoil faoi stiúir na mban rialta í an clochar atá i gceist.

8 **Gníomhaíocht... *Freemason:*** murab ionann agus máisiúin mhór-roinn na hEorpa, ní rabhadar máisiúin Éireannacha agus Briotanacha raidiceach ná frithchléireach. Maíd go bhfuil fáilte re dhuine ar bith a chreideas i mBioth Uilechumachtach, acht eascraíodar líomhaintí fhrith-Chaitliceachais asa n-iompar druidte agus asa nascaibh lasan réimeas gcoimeádach. Baí duine i mbaol a dhíbeartha asan Eaglais Chaitliceach dá dtugadh cuairt ar bhasár mháisiúnach, acht ba rud Caitliceach é *Araby*.

9 ***The Arab's Farewell to his Steed:*** dán la *Caroline Norton* (1808-77). Éireannach dhob í.

10 **Rae an Iarthair:** *Westland Row* as Anglais